II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/67 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Deireadh Fómhair 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíochtaí agus módúlachtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta a leagan síos chun clárthréimhse amháin nó níos mó a chumhdach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 79(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tríd an Treoraíocht maidir le modhanna samplála le haghaidh údaráis iniúchóireachta ([2]), thug seirbhísí an Choimisiúin cúnamh d'údaráis na mBallstát ó thaobh modheolaíochtaí fónta samplála a thógáil chun iniúchtaí a dhéanamh ar oibríochtaí chun tacú lena dtuairimí iniúchóireachta le haghaidh an creat rialála a chur chun feidhme le haghaidh na gclárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020. I bhfianaise na taithí agus an eolais a fuarthas sa chomhthéacs sin, le hAirteagal 79(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 foráiltear mar ghné úrnuachta do chlárthréimhse 2021-2027 go mbainfear úsáid as modheolaíochtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta atá arna leabú i ngníomh tarmligthe.

(2) Maidir leis an Rialachán Tarmligthe seo ina leagtar amach modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta, déanann sé Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060 a fhorlíonadh agus dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith aige maidir le hiniúchtaí ar oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón na Cistí go léir a chumhdaíonn Rialachán (AE) 2021/1060 do chlárthréimhse 2021-2027.

(3) Ó tharla go bhféadfadh sampla staidrimh amháin cumhdach a dhéanamh ar chlár amháin nó níos mó a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ("CFRE"), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus ("CSE+"), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir ("CUAC"), ba cheart leis an Rialachán Tarmligthe seo módúlachtaí a leagan síos chun grúpa clár a chumhdach trí shampla coiteann a úsáid do na Cistí sin. Ina theannta sin, i gcás na gCistí sin, d'fhéadfadh an sampla coiteann clárthréimhse amháin nó níos mó a chumhdach.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 98(4) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bhaineann an pacáiste dearbhaithe le méid iomlán an chaiteachais incháilithe a thabhaíonn tairbhithe agus a íoctar le linn oibríochtaí a chur chun feidhme ná leis an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach a dhéantar nó atá le déanamh agus atá nasctha le cuspóirí sonracha ar ina leith nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin seachas oibríochtaí a rannchuidíonn le coinníollacha cumasúcháin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin is iomchuí caiteachas den sórt sin a eisiamh ón daonra samplála, go dtí an bhliain chuntasaíochta a chuirfear san áireamh é in iarratais ar íocaíocht a dhéantar i leith aisíocaíochta.

([1]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.

([2]) Treoraíocht maidir le modhanna samplála le haghaidh údaráis iniúchóireachta, Clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020 (EGESIF_16-0014-01, 20.1.2017).

(5) Ba cheart aonaid samplála ina bhfuil luachanna diúltacha a bheith mar chuid de dhaonra diúltach ar leithligh nár cheart ráta earráide a ríomh ina leith. Ba cheart do na húdaráis iniúchóireachta a bheith in ann iniúchadh na n-aonad diúltach a chur ar áireamh in iniúchadh na gcuntas nó nósanna imeachta samplála ar leithligh a dhéanamh le haghaidh daonra diúltach. Dá bharr sin, ba cheart a shoiléiriú nár cheart ach aonaid samplála ina bhfuil luachanna dearfacha a bheith mar chuid den daonra iniúchóireachta dá ríomhtar an ráta earráide iomlán.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, is féidir an ranníocaíocht ón Aontas le haghaidh cúnamh teicniúil a aisíoc i bhfoirm maoiniú ar ráta comhréidh. Ba cheart go leagfaí síos na módúlachtaí chun déileáil le caiteachas den sórt sin sna modheolaíochtaí samplála.

(7) Le hAirteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060 déantar foráil maidir le socruithe iniúchóireachta aonair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do nósanna imeachta samplála. Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil do na húdaráis iniúchóireachta maidir le socruithe iniúchóireachta aonair den sórt sin a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí nach féidir a iniúchadh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal sin. Go háirithe, maidir leis an gcinneadh chun eisiamh nó ionadú na n-aonad samplála a úsáid, ba cheart do na húdaráis iniúchóireachta an cinneadh sin a dhéanamh bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil. Is féidir an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm i gcás nach mbíonn doiciméadacht tacaíochta na n-oibríochtaí samplála ar fáil.

(8) I gcomhréir leis an treoraíocht agus cleachtas bunaithe sna clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020, tairgeadh do na húdaráis iniúchóireachta roghanna modheolaíochta éagsúla ag úsáid na roghnóireachta dóchúlachta comhionainne agus na dóchúlachta i gcomhréir le roghnú méide, agus chuir na húdaráis iniúchóireachta na roghanna sin i bhfeidhm. Ar bhonn na taithí sin, ba cheart rialacha samplála a leagan síos lena gceadaítear gur féidir leanúint de na roghanna modheolaíochta a bhfuiltear ar an eolas fúthu. Ba cheart go mbeadh na húdaráis iniúchóireachta in ann aon cheann de na dearaí samplála a úsáid lena n-áirítear roghanna srathaithe a mholtar faoin Rialachán Tarmligthe seo chun an príomhshampla a roghnú.

(9) Ar na modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta ba cheart go n-áireofaí an tsampláil iltréimhseach chun eagrú na hoibre iniúchóireachta don bhliain chuntasaíochta a éascú. I ndiaidh na chéad tréimhse samplála ba cheart dhá chur chuige éagsúla i gcomhair athríomh mhéid an tsampla a thairiscint do na húdaráis iniúchóireachta chun an cleachtas bunaithe a léiriú agus chun solúbthacht a chur ar fáil maidir leis an rogha staidrimh is buntáistí a úsáid.

(10) D'fhonn nósanna imeachta samplála a shimpliú, chomh maith leis an ualach riaracháin ar thairbhithe agus an costas riaracháin a laghdú, ba cheart do na húdaráis iniúchóireachta, le linn dóibh modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta a chur i bhfeidhm, a bheith in ann teorainn a chur le méid na samplála staidrimh ar leibhéal 50 aonad samplála. Ba cheart rogha den sórt sin a chur ar fáil do gach clár a mheasúnaítear i gcatagóir 1 agus 2 i gcomhréir le haicmiú na gcóras bainistithe agus rialaithe i ndáil lena bhfeidhmiú éifeachtach, a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060, ar cláir iad nach gcumhdaítear le méid sampla 30 i gcreat na socruithe comhréireacha feabhsaithe de bhun Airteagal 83 den Rialachán sin.

(11) I gcás nach n-úsáidtear méideanna sampla teoranta nó i gcás go n-úsáidtear iad laistigh de nósanna imeachta samplála iltréimhseacha agus inar mhian leis na húdaráis iniúchóireachta cloí leis an méid sampla teoranta d'ainneoin réamhaisnéisí gannmheasta i leith méideanna daonra agus caiteachais, ba cheart faisnéis a sholáthar faoi conas paraiméadair theicniúla samplála a chinneadh. Go háirithe, de réir cleachtas bunaithe agus an chreata rialála sna clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020, meastar, maidir le córais a measúnaítear ard-iontaofacht a bheith ag roinnt leo, nár cheart dá leibhéal muiníne a bheith níos ísle ná 60 %, fad is go meastar, maidir le córais a measúnaítear iontaofacht íseal a bheith ag roinnt leo, nár cheart dá leibhéal muiníne a bheith níos ísle ná 90 %. I ndiaidh na taithí a fuarthas leis an tástáil aontaobhach sa chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart go mbeadh an rogha ag na húdaráis iniúchóireachta tástáil dhéthaobhach nó aontaobhach a úsáid ina gcuid nósanna imeachta. De bhrí go léiríonn an diallas caighdeánach réamh-mheasta agus an earráid réamh-mheasta na luachanna ionchasacha don daonra atá faoi iniúchadh, is iomchuí a shoiléiriú gur féidir paraiméadair den sórt sin a shocrú trí úsáid a bhaint as sampla píolótach, as sonraí stairiúla atá díorthaithe ó nósanna imeachta roimhe seo agus as breithiúnas gairmiúil.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 79(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is féidir modhanna samplála neamhstaidrimh a úsáid i gcomhair daonraí ina bhfuil níos lú na 300 aonad. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán Tarmligthe seo modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta neamhstaidrimh a leagan amach. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí a shoiléiriú freisin gur féidir aonaid samplála sraitheanna uileghabhálacha a chur ar áireamh sa chumhdach íosta den sciar 10 % de na haonaid samplála sa daonra samplála.

(13) I bprionsabal, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar an gcaiteachas go léir sa sampla oibríochtaí roghnaithe. Chun go mbeifear in ann nósanna imeachta éifeachtúla iniúchóireachta a dhéanamh le linn iniúchtaí ar oibríochtaí, áfach, ba cheart go mbeadh an deis ag na húdaráis iniúchóireachta iniúchadh a dhéanamh ar na haonaid samplála trí mhodheolaíocht foshamplála a úsáid, ar choinníoll go gceadaítear eachtarshuíomh leormhaith earráidí leis.

(14) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán Tarmligthe seo maidir leis na rialacha sonracha maidir le samplaí coiteanna oibríochtaí le haghaidh cláir Interreg atá le tarraingt ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún ([3]). D'fhéadfaí modheolaíochtaí réamhdhéanta staidrimh agus neamhstaidrimh, áfach, nuair a dhéanann údaráis iniúchóireachta cleachtadh samplála i gcomhréir le hAirteagal 49(10) den Rialachán sin agus Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060.

(15) Leis na modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo forlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 agus ní chuireann siad teorainn le cur i bhfeidhm modheolaíochtaí samplála eile ag na húdaráis iniúchóireachta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán Tarmligthe seo leagtar síos na forálacha lena bhforlíontar Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060 trí mhodheolaíochtaí agus módúlachtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta a leagan amach chun clárthréimhse amháin nó níos mó a chumhdach.

2. Leagtar amach ann na modheolaíochtaí samplála réamhdhéanta staidrimh agus neamhstaidrimh atá le húsáid ag údaráis iniúchóireachta chun iniúchadh a dhéanamh ar na oibríochtaí de chuid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), an Chiste Slándála Inmheánaí (ISF) agus na hIonstraime le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI).

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán Tarmligthe seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an snáithe Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta de CSE+;

(b) comhpháirteanna bainistíochta dírí nó indírí de CEMID, AMIF, ISF agus BMVI;

(c) cláir Interreg atá faoi réir samplaí coiteanna de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2021/1059.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin Tharmligthe seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "modh samplála" uirlis theicniúil a úsáidtear chun sampla a roghnú agus torthaí a eachtarshuí laistigh de mhodheolaíocht samplála, ar uirlis í a d'fhéadfadh a bheith de chineál staidrimh nó neamhstaidrimh;

(2) modh samplála is ea "modh samplála staidrimh" lena n-áirithítear go ndéantar roghnú randamach ar na haonaid samplála agus go n-úsáidtear teoiric na dóchúlachta chun meastóireacht a dhéanamh ar an riosca agus cruinneas samplála;

(3) ciallaíonn "modh samplála neamhstaidrimh" modh samplála nach mbaineann meastóireacht ar an riosca agus cruinneas samplála agus atá bunaithe ar roghnú randamach;

([3]) Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94).

(4) ciallaíonn "modheolaíocht samplála" modheolaíocht lena dtugtar tuairisc ar na príomheilimintí agus na príomhchéimeanna i nós imeachta samplála agus a chuimsíonn céim roghnaithe sampla lena n-áirítear foshampláil agus eachtarshuíomh torthaí;

(5) "ciallaíonn cur chuige caighdeánach Samplála Aonad Airgeadaíochta" nó "cur chuige caighdeánach SAA" modh samplála staidrimh caighdeánach atá bunaithe ar roghnú sampla le "dóchúlacht i gcomhréir le méid", agus atá comhoiriúnach le dearaí samplála éagsúla, lena n-áirítear srathú agus sampláil iltréimhseach;

(6) "Sampláil Randamach Shimplí" nó "SRS" modh samplála staidrimh caighdeánach atá bunaithe ar roghnú "dóchúlachta comhionainne", agus atá comhoiriúnach le dearaí samplála éagsúla, lena n-áirítear srathú agus "sampláil iltréimhseach";

(7) ciallaíonn "roghnú randamach" roghnú dóchúlaíoch a thagraíonn do dhóchúlacht i gcomhréir le méid nó do roghnú dóchúlachta comhionainne agus a áirithítear trí bhogearra giniúna uimhreacha randamacha a úsáid, cibé acu speisialaithe nó gan a bheith, lena n-áirítear MS Excel;

(8) ciallaíonn "dóchúlacht chomhionann" ceann de na modhanna roghnaithe randamaigh ina n-úsáidtear uimhreacha randamacha chun na haonaid ag a bhfuil dóchúlachtaí comhionanna agus a bheidh sa sampla a roghnú go randamach;

(9) ciallaíonn "dóchúlacht i gcomhréir le méid" nó "DCM" ceann de na modhanna roghnaithe randamaigh a úsáideann an t-aonad airgeadaíochta mar athróg chúnta le haghaidh samplála i gcás ina mbunaítear roghnú na n-aonad a bheidh sa sampla ar dhóchúlacht atá i gcomhréir le luach airgeadaíochta an aonaid samplála (bíonn dóchúlacht a roghnaithe níos airde ag aonaid a bhfuil luach níos airde acu) agus de ghnáth bunaítear an roghnú ar roghnú córasach ag úsáid túsphointe randamach agus cur i bhfeidhm riail chórasach chun na haonaid eile a roghnú;

(10) ciallaíonn "sraith randamach", ar a dtugtar sraith shamplála freisin, cuid den daonra dearfach a bhaineann leis an mbliain chuntasaíochta nó le tréimhse shamplála ar ina leith a úsáidtear roghnú randamach;

(11) ciallaíonn "sraith uileghabhálach" cuid den daonra dearfach a bhaineann leis an mbliain chuntasaíochta nó le tréimhse shamplála ar ina leith a dhéantar iniúchadh ar na haonaid samplála go léir. Is iondúil go mbíonn aonaid ardluacha inti, agus féadfaidh aonaid eile a bheith inti bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an údaráis iniúchóireachta agus is féidir an t-iniúchadh ar shraith uileghabhálach a chomhcheangal le foshampláil;

(12) ciallaíonn "foshampláil" sampláil dhéchéimneach nó ilchéimneach i gcás ina suitear go bhfuil earráid ann le haghaidh aonad samplála ar bhonn eachtarshuíomh ó fhoshampla sonrasc nó ó aonaid foshamplála eile;

(13) ciallaíonn "aonad foshamplála", aonad, a d'fhéadfadh a bheith ina shonrasc nó ina aonad eile, a roinntear chun críche foshamplála agus ar an ndéantar iniúchadh go huileghabhálach mura gcuirtear i bhfeidhm leibhéal eile foshamplála don aonad foshamplála;

(14) ciallaíonn "sampláil iltréimhseach" nós imeachta samplála ina ndéantar an daonra iniúchóireachta le haghaidh bliain chuntasaíochta a roinnt thar dhá thréimhse shamplála, a d'fhéadfadh a bheith ar comhfhad nó d'fhaid éagsúla;

(15) ciallaíonn "daonra diúltach" daonra samplála ina bhfuil aonaid ag a bhfuil luachanna diúltacha nó luachanna nialasacha i gcás ina bhfuil an caiteachas faoi bhun 0 nó cothrom leis;

(16) ciallaíonn "daonra dearfach" nó "daonra iniúchóireachta" daonra samplála ina bhfuil aonaid ag a bhfuil luachanna dearfacha i gcás ina bhfuil an caiteachas os cionn 0;

(17) ciallaíonn "tástáil dhéthaobhach" cur chuige i leith sampláil staidrimh lena gceadaítear an uasteorainn earráide agus an íosteorainn earráide araon a ríomh;

(18) ciallaíonn "tástáil aontaobhach" cur chuige i leith sampláil staidrimh lena gceadaítear gan ach teorainn earráide amháin a ríomh, an uasteorainn earráide de ghnáth;

(19) ciallaíonn "earráid eachtarshuite" ("EE") nó "earráid réamh-mheasta" an toradh ar na hearráidí randamacha a fhaightear sa sampla a eachtarshuí go dtí an daonra iomlán i gcás ina mbraitheann an nós imeachta eachtarshuite/réamh-mheasta ar an modh samplála a úsáidtear;

(20) ciallaíonn "uasteorainn earráide" an "cruinneas samplála" arna shuimiú leis an "earráid eachtarshuite" agus, i gcás inarb infheidhme, leis na hearráidí córais teormharcáilte agus na hearráidí aimhrialta neamhcheartaithe;

(21) ciallaíonn "íosteorainn earráide" teorainn earráide a ríomhtar tríd an "gcruinneas samplála" a dhealú den "earráid eachtarshuite", arna coigeartú, i gcás inarb infheidhme, trí na hearráidí córais teormharcáilte agus na hearráidí aimhrialta neamhcheartaithe a chur leis an toradh;

(22) ciallaíonn "cruinneas samplála" paraiméadar samplála lena dtomhaistear éiginnteacht in eachtarshuíomh na dtorthaí samplála go dtí an daonra, agus a chomhfhreagraíonn don diallas uasta réamh-mheasta idir an earráid eachtarshuite agus an fhíor-earráid daonra a bhaintear amach ar leibhéal dóchúlachta atá cothrom leis an leibhéal muiníne;

(23) ciallaíonn "leibhéal muiníne" dóchúlacht go n-áirítear fíorluach an pharaiméadair réamh-mheasta in eatramh muiníne; úsáidtear é chun méid an tsampla a shainiú agus chun an cruinneas samplála a ríomh;

(24) ciallaíonn "eatramh muiníne" an t-eatramh ina bhfuil an fíorluach earráide sa daonra lena bhaineann dóchúlacht ar a dtugtar "leibhéal muiníne"; le linn tástáil dhéthaobhach, sainítear é idir íosteorainn earráide agus uasteorainn earráide, agus, le linn tástáil aontaobhach, sainítear é suas go dtí nó síos go dtí teorainn earráide áirithe ar gnách léi a bheith ina huasteorainn earráide.

Airteagal 3

Daonra iniúchóireachta

1. Socróidh an t-údarás iniúchóireachta an daonra iniúchóireachta ar bhonn an chaiteachais atá ar áireamh sna hiarratais ar íocaíocht a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh bliain chuntasaíochta áirithe. Sa daonra sin beidh caiteachas cláir nó caiteachas grúpa clár, faoi réir na módúlachtaí a leagtar síos san Airteagal seo agus in Airteagal 4.

2. Is féidir go gcumhdóidh an sampla staidrimh clár amháin nó níos mó a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC le linn clárthréimhse amháin nó níos mó.

3. Eiseofar ón daonra iniúchóireachta an caiteachas atá ceangailte le cuspóirí sonracha ar ina leith nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. Ní bheidh mar chuid den daonra iniúchóireachta ach aonaid samplála ag a bhfuil luachanna dearfacha.

5. Déanfar an daonra iniúchóireachta arna shocrú i gcomhréir le míreanna 1 go 4 a úsáid chun an ráta earráide iomlán a ríomh.

6. I gcás inarb ábhartha, socróidh an t-údarás iniúchóireachta daonra iniúchóireachta coigeartaithe freisin chun sampla a roghnú:

(a) trí mhaoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh cúnamh teicniúil a eisiamh i gcomhréir le hAirteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2021/1060;

(b) trí aonaid samplála nach féidir a iniúchadh i gcomhréir le hAirteagal 80(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 a bhaint, faoi chuimsiú socruithe iniúchóireachta aonair i gcás ina nglacann an t-údarás iniúchóireachta cur chuige atá bunaithe ar aonaid samplála den sórt sin a eisiamh.

Maidir leis an gcaiteachas go léir de chuid an daonra iniúchóireachta choigeartaithe a shuitear i gcomhréir le pointí (a) agus (b), úsáidfear é chun an sampla a roghnú ach amháin i gcás nach bhfuil doiciméadacht tacaíochta na n-oibríochtaí a sampláladh ar fáil.

I gcásanna eisceachtúla nach mbíonn fáil ar an doiciméadacht tacaíochta le haghaidh roinnt aonad, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a chinneadh na haonaid samplála a ionadú nó aonaid samplála den sórt sin a eisiamh, mar a leagtar amach le haghaidh socruithe iniúchóireachta aonair dá dtagraítear i bpointe (b).

Airteagal 4

Sampláil iltréimhseach agus srathú

1. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta an daonra iniúchóireachta le haghaidh bliain chuntasaíochta a roinnt thar dhá thréimhse shamplála.

2. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta srathú a dhéanamh ar dhaonra cláir nó ar dhaonra grúpa clár trína roinnt ina fho-dhaonraí. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta critéir le haghaidh srathaithe a úsáid amhail cláir, Cistí, réigiúin, comhlachtaí idirmheánacha, clárthréimhsí, luachanna oibríochtaí, luachanna aonad samplála, cineálacha oibríochtaí agus rioscaí oibríochtaí.

3. Maidir le gach clárthréimhse agus gach sraith dhaonra nó chlárthréimhse, mar is ábhartha, beidh siad faoi réir fíorú uileghabhálach nó fíoruithe uileghabhálacha bunaithe ar roghnú randamach. I gcás ina n-úsáidtear cur chuige caighdeánach DCM nó SAA, déanfar iniúchadh ar aonaid samplála ardluacha os cionn an eatraimh roghnóireachta seachas sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 3(6), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), agus an tríú fomhír.

Airteagal 5

Sampla staidrimh randamach a roghnú

1. Roghnóidh an t-údarás iniúchóireachta sampla staidrimh randamach ón daonra a shocraítear i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4, ag úsáid ceann de na modhanna seo a leanas:

(a) cur chuige caighdeánach SAA;

(b) Sampláil Randamach Shimplí ("SRS").

2. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás iniúchóireachta cur chuige caighdeánach SAA, roghnóidh sé sampla ag úsáid DCM.

Roghnófar na haonaid íseal-luacha ar bhonn eatramh roghnóireachta a ríomhtar de réir an chaiteachais de chuid sraith íseal-luach tar éis sraith ardluach uileghabhálacha a chinneadh. Déanfar na haonaid ardluacha go léir os cionn an eatraimh iniúchóireachta a iniúchadh, faoi réir eisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 3(6), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), agus an tríú fomhír.

3. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás iniúchóireachta SRS, roghnóidh sé sampla ag úsáid roghnú dóchúlachta comhionainne, agus sraith uileghabhálach á húsáid go roghnach.

4. Le hIarscríbhinní I agus II leagtar amach paraiméadair shamplála agus foirmlí chun méid an tsampla a ríomh i gcomhair na modhanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), seachas i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm an méid sampla teoranta dá dtagraítear i mír 7. Féadfar na foirmlí sin a úsáid le dearaí éagsúla samplála lena gcumhdaítear srathú nó sampláil iltréimhseach nó teaglaim den dá cheann.

5. Sa sampla beidh ar a laghad 30 aonad agus beidh ar a laghad 3 aonad i ngach sraith randamach de chlárthréimhse sa sampla.

6. I gcás sampláil iltréimhseach, déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta ceann de na cuir chuige seo a leanas a chur i bhfeidhm chun méid an tsampla a athríomh chun na paraiméadair shamplála nuashonraithe a choigeartú:

(a) athríomh caighdeánach ar mhéid an tsampla;

(b) athríomh uilíoch ar mhéid an tsampla.

I gcás ina n-úsáideann an t-údarás iniúchóireachta cur chuige an athríomha caighdeánaigh ar mhéid an tsampla dá dtagraítear i bpointe (a), déanfar méid an tsampla le haghaidh clárthréimhse nó clárthréimhsí ina dhiaidh sin a athríomh agus na méideanna sampla ó chlárthréimhsí roimhe sin den bhliain chuntasaíochta á gcoinneáil ag an am céanna.

I gcás ina n-úsáideann an t-údarás iniúchóireachta cur chuige an athríomha uilíoch ar mhéid an tsampla dá dtagraítear i bpointe (b), déanfar athríomh ar mhéid iomlán an tsampla agus ar mhéid an tsampla in aghaidh clárthréimhse araon.

7. A mhéid a bhaineann le cláir a mheasúnaítear i gcatagóir 1 nó 2 mar a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060, ar cláir iad nach mbíonn faoi réir socruithe comhréireacha feabhsaithe de bhun Airteagal 83 den Rialachán sin, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta teorainn 50 aonad samplála a chur le méid an tsampla.

I gcás ina n-úsáidtear an méid sampla teoranta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear i bhfeidhm é maidir le sampla le haghaidh an daonra iomláin, ina bhfuil, i gcás inarb infheidhme, níos mó ná clár amháin agus níos mó ná clárthréimhse amháin.

Cuirfear san áireamh le haghaidh an mhéid sampla theoranta na haonaid go léir i sraitheanna randamacha agus ní chuirfear san áireamh lena aghaidh ach aonaid ardluacha i sraitheanna uileghabhálacha.

Féadfar nósanna imeachta samplála iltréimhseacha a chur i bhfeidhm leis an méid sampla teoranta. I gcás réamhaisnéisí gannmheasta i leith méideanna daonra nó caiteachais don dara tréimhse samplála nó do thréimhsí samplála ina diaidh sin, déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) méadú a chur ar mhéid an tsampla chun luachanna gannmheasta na réamhaisnéisí a chur san áireamh;

(b) méid an tsampla a ríomh i gcomhréir leis na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Sampla neamhstaidrimh randamach a roghnú

1. I gcás ina bhfuil níos lú ná 300 aonad samplála i ndaonra agus ina gcuireann an t-údarás iniúchóireachta sampláil neamhstaidrimh randamach i bhfeidhm, roghnófar sampla neamhstaidrimh randamach den sórt sin ón daonra a shuitear i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 ag úsáid ceann amháin de na modhanna seo a leanas:

(a) DCM a úsáidfidh an cur chuige roghnóireachta a leagtar amach in Airteagal 5(2);

(b) dóchúlacht chomhionann a úsáidfidh an cur chuige roghnóireachta a leagtar amach in Airteagal 5(3).

Is féidir an dá mhodh a chomhcheangal le srathú agus sampláil iltréimhseach. I gcás ina n-úsáidtear srathú, áireofar sa sampla aonaid samplála ó gach sraith den daonra.

Déanfar aonaid i sraitheanna aonair a roghnú go randamach nó beidh siad faoi réir sraith a fhíorú go huileghabhálach.

2. Áireofar aonaid na sraitheanna uileghabhálacha sa dá mhodh le linn ríomh a dhéanamh ar an gcumhdach íosta 10 % de na haonaid samplála i ndaonra na bliana cuntasaíochta.

3. Sa tsampláil iltréimhseach, i gcás ina roghnaíonn an t-údarás iniúchóireachta sampla don chéad tréimhse samplála ag úsáid modh staidrimh lena dtuartar daonra ina bhfuil 300 aonad samplála nó níos mó, féadfaidh sé an modh samplála a athrú go dtí modh neamhstaidrimh tar éis an dara tréimhse samplála ina dtiteann méid deiridh an daonra faoi bhun 300.

Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, socrófar an cumhdach íosta aonad samplála ar bhonn líon na n-aonad samplála a roghnaítear ón daonra iniúchóireachta don bhliain chuntasaíochta iomlán.

Airteagal 7

Foshampláil

Maidir leis na haonaid samplála a roghnaítear i gcomhréir le Airteagail 5 agus 6, iniúchfar iad go huileghabhálach nó trí mhodheolaíocht foshamplála a chur i bhfeidhm, rud a cheadófar earráidí a eachtarshuí ar leibhéal an aonaid samplála.

Bunófar an mhodheolaíocht foshamplála ar roghnú randamach agus is féidir í a chomhcheangal le srathú. I gcás srathaithe, déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta aonaid foshamplála a roghnú go randamach ó gach sraith nach bhfíoraítear go huileghabhálach. I gcás chuir chuige chaighdeánacha DCM agus SAA, iniúchfar aonaid foshamplála ardluacha atá os cionn an eatraimh roghnóireachta.

Féadfaidh an modh foshamplála a bheith éagsúil leis an modh a chuirtear i bhfeidhm chun an príomhshampla a roghnú.

Airteagal 8

An ráta earráide iomlán a ríomh

1. Ar bhonn na dtorthaí ó na hiniúchtaí ar oibríochtaí chun críocha na tuairime iniúchóireachta agus na tuarascála rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 77(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, ríomhfaidh an t-údarás iniúchóireachta an ráta earráide iomlán, arb éard a bheidh ann suim na n-earráidí eachtarshuite randamacha, lena n-áirítear earráidí a shuitear sa sraitheanna uileghabhálacha, móide, i gcás inarb infheidhme, na hearráidí córais teormharcáilte agus na hearráidí aimhrialta neamhcheartaithe, arna roinnt ar chaiteachas an daonra iniúchóireachta.

2. Maidir leis an eachtarshuíomh faoi chuimsiú na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe seo, braithfidh sé ar na modhanna roghnóireachta a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6 agus déanfar é i gcomhréir leis na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn II. I gcás samplála neamhstaidrimh, ní ríomhfar an cruinneas samplála agus an uasteorainn earráide.

3. I gcás na foshamplála, is í an earráid a eachtarshuitear ó aonaid foshamplála go dtí aonad samplála an phríomhshampla earráid an aonaid samplála a úsáidfear chun an ráta earráide iomlán a ríomh. I gcás ina roghnaítear an foshampla i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6, úsáidfidh an t-údarás iniúchóireachta na foirmlí eachtarshuite ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

4. I gcás nach féidir iniúchadh a dhéanamh ar na hoibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 80(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, nó, i gcásanna eisceachtúla, i gcás nach bhfuil fáil ar an doiciméadacht tacaíochta le haghaidh na n-aonad samplála, déanfar an t-eachtarshuíomh a choigeartú agus a sheoladh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.

5. I gcás maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh cúnamh teicniúil, déanfar an t-eachtarshuíomh ar bhonn chaiteachas an daonra gan cúnamh teicniúil san áireamh. Déanfar an ráta earráide iomlán a fhaightear le haghaidh daonra den sórt sin a mheas freisin mar an ráta earráide iomlán don daonra lena n-áirítear an méid le haghaidh cúnamh teicniúil ar ráta comhréidh.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

PARAIMÉADAIR SHAMPLÁLA

Leis an Iarscríbhinn seo leagtar síos modheolaíocht lena mbunaítear paraiméadair shamplála is infheidhme maidir leis na cásanna seo a leanas:

(a) ní chuireann an t-údarás iniúchóireachta teorainn 50 aonad samplála le méid an tsampla bunaithe ar Airteagal 5(7) den Rialachán Tarmligthe seo ná teorainn 30 aonad samplála leis an méid bunaithe ar Airteagal 83 de Rialachán (AE) 2021/1060.

(b) cuirtear an méid sampla teoranta i bhfeidhm faoi chuimsiú na nósanna imeachta samplála dhá thréimhse nó iltréimhseach agus úsáideann an t-údarás iniúchóireachta na foirmlí athríomha i leith méid sampla, a leagtar amach in Iarscríbhinn II, chun a fhíorú go bhféadfaí an méid teoranta a choinneáil in ainneoin méid daonra nó caiteachas gannmheasta don dara tréimhse samplála nó do thréimhsí samplála ina dhiaidh sin.

1. Tairseach ábharthachta

Ní mór an uastairseach ábharthachta a shocrú ar leibhéal 2 % i gcomhréir le pointe 5.9 d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060.

2. Leibhéal muiníne

Ní mór don údarás iniúchóireachta iontaofacht an chórais a mheas mar leibhéal ard, leibhéal meánach nó leibhéal íseal, agus torthaí na n-iniúchtaí córas á gcur san áireamh chun paraiméadair theicniúla na samplála a chinneadh sa chaoi is go bhfaighfear leibhéal ard dearbhaithe ó na hiniúchtaí córas agus ó na hiniúchtaí ar na hoibríochtaí. Ní mór nach lú ná 60 % an leibhéal muiníne a úsáidtear chun sampláil a dhéanamh ar oibríochtaí córais a measúnaítear ard-iontaofacht a bheith aige. Ní mór nach lú ná 90 % an leibhéal muiníne a úsáidtear chun sampláil a dhéanamh ar oibríochtaí córais a measúnaítear iontaofacht íseal a bheith aige.

3. Paraiméadar z

Chun paraiméadar z a chinneadh bunaithe ar an leibhéal muiníne, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta tástáil dhéthaobhach nó aontaobhach a úsáid.

Sa tábla seo a leanas cuirtear z i láthair agus úsáid á baint as tástáil dhéthaobhach agus aontaobhach:

Leibhéal muiníne	90 %	80 %	70 %	60 %
luach z (déthaobhach)	1,645	1,282	1,036	0,842
luach z (aontaobhach)	1,282	0,842	0,524	0,253

4. Diallas caighdeánach réamh-mheasta earráide nó rátaí earráide agus earráid réamh-mheasta

Maidir le diallas caighdeánach réamh-mheasta earráidí nó rátaí earráide agus earráid réamh-mheasta, is paraiméadair iad a mheastar a thréithreoidh an daonra atá faoi iniúchadh. Féadfar iad a shocrú trí úsáid a bhaint as sampla píolótach, as sonraí stairiúla atá díorthaithe ó nósanna imeachta roimhe seo agus as breithiúnas gairmiúil.

IARSCRÍBHINN II

FOIRMLÍ CHUN MÉID AN tSAMPLA A RÍOMH AGUS CHUN EARRÁIDÍ A EACHTARSHUÍ

1. CUR CHUIGE CAIGHDEÁNACH SAA

1.1. **Cur chuige caighdeánach SAA — tréimhse amháin**

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
$n = \left(\frac{z \times BV \times \sigma_r}{TE - AE}\right)^2$	$n = \left(\frac{z \times BV \times \sigma_{rw}}{TE - AE}\right)^2$ i gcás inarb é $n_h = \frac{BV_h}{BV} n$ σ_{rw}^2 - meán ualaithe athraithis na rátaí earráide don tacar iomlán sraitheanna, agus an t-ualach le haghaidh gach sraithe cothrom leis an gcóimheas idir luach na sraithe de réir na leabhar (BV_h) agus luach an daonra iomláin de réir an leabhar (BV) $\sigma_{rw}^2 = \sum_{i=1}^{H} \frac{BV_h}{BV} \sigma_{rh}^2, h = 1,2,\ldots,H;$ agus inarb é σ_{rh}^2 athraitheas na rátaí earráide i ngach sraith

i gcás inarb é

BV - luach daonra de réir na leabhar (caiteachas iomlán dearbhaithe)

z - comhéifeacht z ó dháileadh normalach

TE - earráid inghlactha (uasmhéid 2 % den chaiteachas iomlán)

AE - earráid réamh-mheasta

σ_r - diallas caighdeánach na rátaí earráide

Eachtarshuíomh earráidí	
Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na sraithe uileghabhálaí, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis an tsraith: $$EE_e = \sum_{i=1}^{n_e} E_i$$ I gcás na sraithe neamh-uileghabhálaí, .i. an tsraith ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle ná an t-eatramh, $BV_i < \frac{BV}{n}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta $$EE_s = SI\sum_{i=1}^{n_s} \frac{E_i}{BV_i}$$ Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$	Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na ngrúpaí uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na grúpaí sin: $$EE_e = \sum_{h=1}^{H}\sum_{i=1}^{n_h} E_{hi}$$ I gcás na ngrúpaí neamh-uileghabhálacha, .i. na grúpaí ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle ná an t-eatramh, $BV_{hi} < \frac{BV_h}{n_h}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta $$EE_s = \sum_{h=1}^{H} \frac{BV_{hs}}{n_{hs}}\sum_{i=1}^{n_{hs}} \frac{E_{hi}}{BV_{hi}}$$ Níl san earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra ach suim an dá chomhpháirt sin thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$
Cruinneas samplála: $$SE = z\times \frac{BV_s}{\sqrt{n_s}}\times s_r$$ i gcás inarb é s_r diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den tsraith neamh-uileghabhálach (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)	Cruinneas samplála: $$SE = z\times\sqrt{\sum_{h=1}^{H} \frac{BV_{hs}^2}{n_{hs}} .s_{rhs}^2}$$ i gcás inarb é s_{rhs} diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den ghrúpa neamh-uileghabhálach sraitheanna h (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)

1.2. **Cur chuige caighdeánach SAA - dhá thréimhse**

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
An chéad tréimhse i gcás inarb é $n_{1+2} = \frac{(z \times BV_{1+2} \times \sigma_{rw1+2})^2}{(TE - AE)^2}$ $\sigma^2_{rw1+2} = \frac{BV_1}{BV_{1+2}}\sigma^2_{r1} + \frac{BV_2}{BV_{1+2}}\sigma^2_{r2}$ $BV_{1+2} = BV_1 + BV_2$ $n_t = \frac{BV_t}{BV_{1+2}} n_{1+2}$	**An chéad tréimhse** i gcás inarb é $n_{1+2} = \frac{(z \times BV_{1+2} \times \sigma_{rw1+2})^2}{(TE - AE)^2}$ $\sigma^2_{rw1+2} = \sigma^2_{rw1} + \sigma^2_{rw2}$ $\sigma^2_{rwt} = \sum_{i=1}^{H_t} \frac{BV_{ht}}{BV}\sigma^2_{rht}, h = 1,2,\ldots,H_t;$ $BV_{1+2} = BV_1 + BV_2$ $n_{ht} = \frac{BV_{ht}}{BV} n$
An dara tréimhse $n_2 = \frac{(z \times BV_2 \times \sigma_{r2})^2}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \frac{BV_1^2}{n_1} \times s^2_{r1}}$	**An dara tréimhse** i gcás inarb é $n_2 = \frac{z^2 \times BV_2 \times \sum_{h=1}^{H_2}(BV_{h2}.\sigma^2_{rh2})}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1}\left(\frac{BV_{h1}^2}{n_{h1}}.s^2_{rh1}\right)}$ $n_{h2} = \frac{BV_{h2}}{BV_2} n_2$

Nótaí:

I gcás nach féidir neastacháin éagsúla le haghaidh na ndiallas caighdeánach de chuid gach tréimhse a fháil nó nach mbaineann siad le hábhar, féadfar an luach céanna don diallas caighdeánach a chur i bhfeidhm i leith na dtréimhsí go léir. I gcás den sórt sin tá σ_{rw1+2} díreach cothrom le diallais chaighdeánacha rátaí earráidí σ_r.

Tagraíonn an paraiméadar σ don diallas caighdeánach a fhaightear ó shonraí cúnta (e.g. sonraí stairiúla) agus tagraíonn s don diallas caighdeánach a fhaightear ón sampla iniúchta. Sna foirmlí, i gcás nach mbíonn s ar fáil, féadfar é a ionadú le σ.

Baintear úsáid as foirmlí faoin gceannteideal "An chéad tréimhse" chun méid an tsampla a ríomh tar éis na chéad tréimhse den bhliain chuntasaíochta i gcás athríomh caighdeánach ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (a). I gcás athríomh uilíoch ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (b), baintear úsáid as na foirmlí sin tar éis na chéad tréimhse samplála agus más gá freisin tar éis an dara tréimhse samplála chun coigeartú a dhéanamh i leith paraiméadair shamplála nuashonraithe.

Ní bhíonn foirmlí faoin gceannteideal "An dara tréimhse" infheidhme ach amháin i gcás athríomh caighdeánach ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (a). Úsáidtear iad chun méid an tsampla de chuid an dara tréimhse a athríomh chun coigeartú a dhéanamh i leith paraiméadair shamplála. I gcás ina bhfaightear uimhir dhiúltach mar thoradh ar an bhfoirmle, ní féidir an fhoirmle, agus dá bhrí sin an cur chuige caighdeánach i leith méid an tsampla a athríomh, a chur i bhfeidhm bunaithe ar thacar socraithe na bparaiméadar nuashonraithe.

Eachtarshuíomh earráidí	
Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna: $$EE_e = \sum_{i=1}^{n_1} E_{1i} + \sum_{i=1}^{n_2} E_{2i}$$	Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna: $$EE_e = \sum_{h=1}^{H_1} \sum_{i=1}^{n_{h1}} E_{h1i} + \sum_{h=1}^{H_2} \sum_{i=1}^{n_{h2}} E_{h2i}$$
I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, .i. na sraitheanna ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle na an t-eatramh, $BV_i < \frac{BV}{n}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta $$EE_s = \frac{BV_{1s}}{n_{1s}} \times \sum_{i=1}^{n_{1s}} \frac{E_{1i}}{BV_{1i}} + \frac{BV_{2s}}{n_{2s}} \times \sum_{i=1}^{n_{2s}} \frac{E_{2i}}{BV_{2i}}$$	I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, .i. na sraitheanna ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle na an t-eatramh, $BV_i < \frac{BV}{n}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta $$EE_s = \sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{BV_{h1s}}{n_{h1s}} . \sum_{i=1}^{n_{h1s}} \frac{E_{h1i}}{BV_{h1i}} \right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{BV_{h2s}}{n_{h2s}} . \sum_{i=1}^{n_{h2s}} \frac{E_{h2i}}{BV_{h2i}} \right)$$
Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$	Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$
Cruinneas samplála: $$SE = z \times \sqrt{\frac{BV_{1s}^2}{n_{1s}} \times s_{r1s}^2 + \frac{BV_{2s}^2}{n_{2s}} \times s_{r2s}^2}$$ i gcás inarb é s_{rt} diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den tsraith neamh-uileghabhálach de chuid thréimhse t (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)	Cruinneas samplála: $$SE = z \times \sqrt{\sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{BV_{h1s}^2}{n_{h1s}} . s_{rh1s}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{BV_{h2s}^2}{n_{h2s}} . s_{rh2s}^2 \right)}$$ i gcás inarb é s_{rhts} diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den ghrúpa neamh-uileghabhálach sraitheanna h le linn thréimhse t (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)

1.3. **Cur chuige caighdeánach SAA — trí thréimhse** ([1])

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
An chéad tréimhse $n_{1+2+3} = \frac{(z \times BV_{1+2+3} \times \sigma_{rw1+2+3})^2}{(TE - AE)^2}$ i gcás inarb é $\sigma^2_{rw1+2+3} = \frac{BV_1}{BV_{1+2+3}}\sigma^2_{r1} + \frac{BV_2}{BV_{1+2+3}}\sigma^2_{r2} + \frac{BV_3}{BV_{1+2+3}}\sigma^2_{r3}$ $BV_{1+2+3} = BV_1 + BV_2 + BV_3$ $n_t = \frac{BV_t}{BV_{1+2+3}} n_{1+2+3}$	**An chéad tréimhse** $n_{1+2+3} = \frac{(z \times BV_{1+2+3} \times \sigma_{rw1+2+3})^2}{(TE - AE)^2}$ i gcás inarb é $\sigma^2_{rw1+2+3} = \sigma^2_{rw1} + \sigma^2_{rw2} + \sigma^2_{rw3}$ $\sigma^2_{rwt} = \sum_{i=1}^{H_t} \frac{BV_{ht}}{BV}\sigma^2_{rht}, h = 1,2,\ldots,H_t;$ $BV_{1+2+3} = BV_1 + BV_2 + BV_3$ $n_{ht} = \frac{BV_{ht}}{BV} n$
An dara tréimhse i gcás inarb é $n_{2+3} = \frac{(z \times BV_{2+3} \times \sigma_{rw2+3})^2}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \frac{BV_1^2}{n_1} \times s^2_{r1}}$ $\sigma^2_{rw2+3} = \frac{BV_2}{BV_{2+3}}\sigma^2_{r2} + \frac{BV_3}{BV_{2+3}}\sigma^2_{r3}$ $BV_{2+3} = BV_2 + BV_3$ $n_t = \frac{BV_t}{BV_{2+3}} n_{2+3}$	**An dara tréimhse** $n_{2+3} = \frac{z^2 \times BV_{2+3} \times \left(\sum_{h=1}^{H_2}(BV_{h2}.\sigma^2_{rh2}) + \sum_{h=1}^{H_3}(BV_{h3}.\sigma^2_{rh3})\right)}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1}\left(\frac{BV_{h1}^2}{n_{h1}}.s^2_{rh1}\right)}$ i gcás inarb é $BV_{2+3} = BV_2 + BV_3$ $n_{ht} = \frac{BV_{ht}}{BV_{2+3}} n_{2+3}$

([1]) Féadfar cur chuige caighdeánach SAA a chur i bhfeidhm maidir le níos mó ná trí thréimhse samplála trí choigeartuithe ábhartha a dhéanamh ar na foirmlí.

An tríú tréimhse	**An tríú tréimhse**
$$n_3 = \frac{(z \times BV_3 \times \sigma_{r3})^2}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \frac{BV_1^2}{n_1} \times s_{r1}^2 - z^2 \times \frac{BV_2^2}{n_2} \times s_{r2}^2}$$	$$n_3 = \frac{z^2 \times BV_3 \times \left(\sum_{h=1}^{H_3} (BV_{h3} . \sigma_{rh3}^2)\right)}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{BV_{h1}^2}{n_{h1}} . s_{rh1}^2\right) - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{BV_{h2}^2}{n_{h2}} . s_{rh2}^2\right)}$$ $$n_{h3} = \frac{BV_{h3}}{BV_3} n_3$$

Nótaí:

I gcás nach féidir neastacháin éagsúla le haghaidh na ndiallas caighdeánach de chuid gach tréimhse a fháil nó nach mbaineann siad le hábhar, féadfar an luach céanna don diallas caighdeánach a chur i bhfeidhm i leith na dtréimhsí go léir. I gcás den sórt sin tá $\sigma_{rw1+2+3}$ díreach cothrom le diallais chaighdeánacha rátaí earráidí σ_r.

Tagraíonn an paraiméadar σ don diallas caighdeánach a fhaightear ó shonraí cúnta (e.g. sonraí stairiúla) agus tagraíonn s don diallas caighdeánach a fhaightear ón sampla iniúchta. Sna foirmlí, i gcás nach mbíonn s ar fáil, féadfar é a ionadú le σ.

Féach na nótaí thuas freisin maidir le cur chuige caighdeánach SAA dhá thréimhse a mhéid a bhaineann le húsáid a bhaint as an gcur chuige caighdeánach i leith méid an tsampla a athríomh agus maidir leis an gcur chuige uilíoch dá dtagraítear in Airteagal 5(6).

Eachtarshuíomh earráidí

Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna:	Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (cur chuige caighdeánach SAA/DCM): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna:
$$EE_e = \sum_{i=1}^{n_1} E_{1i} + \sum_{i=1}^{n_2} E_{2i} + \sum_{i=1}^{n_3} E_{3i}$$	$$EE_e = \sum_{h=1}^{H_1} \sum_{i=1}^{n_{h1}} E_{h1i} + \sum_{h=1}^{H_2} \sum_{i=1}^{n_{h2}} E_{h2i} + \sum_{h=1}^{H_3} \sum_{i=1}^{n_{h3}} E_{h3i}$$
I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha. .i. na sraitheanna ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle na an t-eatramh, $BV_i < \frac{BV}{n}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta	I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha. .i. na sraitheanna ina bhfuil na haonaid samplála ag a bhfuil luach de réir na leabhar atá níos ísle na an t-eatramh, $BV_i < \frac{BV}{n}$ is mar a leanas don earráid réamh-mheasta
$$EE_s = \frac{BV_{1s}}{n_{1s}} \times \sum_{i=1}^{n_{1s}} \frac{E_{1i}}{BV_{1i}} + \frac{BV_{2s}}{n_{2s}} \times \sum_{i=1}^{n_{2s}} \frac{E_{2i}}{BV_{2i}} + \frac{BV_{3s}}{n_{3s}} \times \sum_{i=1}^{n_{3s}} \frac{E_{3i}}{BV_{3i}}$$	$$EE_s = \sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{BV_{h1s}}{n_{h1s}} . \sum_{i=1}^{n_{h1s}} \frac{E_{h1i}}{BV_{h1i}}\right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{BV_{h2s}}{n_{h2s}} . \sum_{i=1}^{n_{h2s}} \frac{E_{h2i}}{BV_{h2i}}\right) + \sum_{h=1}^{H_3} \left(\frac{BV_{h3s}}{n_{h3s}} . \sum_{i=1}^{n_{h1s}} \frac{E_{h3i}}{BV_{h3i}}\right)$$
Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite:	Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite:
$$EE = EE_e + EE_s$$	$$EE = EE_e + EE_s$$

Cruinneas samplála: $SE = z \times \sqrt{\frac{BV_{1s}^2}{n_{1s}} \times s_{r1s}^2 + \frac{BV_{2s}^2}{n_{2s}} \times s_{r2s}^2 + \frac{BV_{3s}^2}{n_{3s}} \times s_{r3s}^2}$ i gcás inarb é s_{rts} diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den tsraith neamh-uileghabhálach de chuid thréimhse t (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)	Cruinneas samplála: $SE = z \times \sqrt{\sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{BV_{h1s}^2}{n_{h1s}} . s_{rh1s}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{BV_{h2s}^2}{n_{h2s}} . s_{rh2s}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_3} \left(\frac{BV_{h3s}^2}{n_{h3s}} . s_{rh3s}^2 \right)}$ i gcás inarb é s_{rhts} diallas caighdeánach na rátaí earráide sa sampla den ghrúpa neamh-uileghabhálach sraitheanna h le linn thréimhse t (arna ríomh ón sampla céanna a úsáideadh chun na hearráidí a eachtarshuí go dtí an daonra)

2. SAMPLÁIL RANDAMACH SHIMPLÍ

2.1. **Sampláil randamach shimplí — tréimhse amháin**

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
$n = \left(\frac{N \times z \times \sigma_e}{TE - AE} \right)^2$ i gcás inarb é σ_e an diallas caighdeánach sa daonra	$n = \left(\frac{N \times z \times \sigma_w}{TE - AE} \right)^2$ $n_h = \frac{N_h}{N} \times n.$ i gcás inarb é σ_w^2 - meán ualaithe athraithis na n-earráidí don tacar iomlán sraitheanna: $\sigma_w^2 = \sum_{i=1}^{H} \frac{N_h}{N} \sigma_{eh}^2, h = 1,2,\ldots,H;$ agus inarb é σ_{eh}^2 athraitheas na earráidí i ngach sraith

i gcás inarb é

N - méid an daonra

z - comhéifeacht z ó dháileadh normalach

TE - earráid inghlactha (uasmhéid 2 % den chaiteachas iomlán)

AE - earráid réamh-mheasta

σ_e - diallas caighdeánach na earráidí

Eachtarshuíomh earráidí

Faoi chuimsiú chur i bhfeidhm na modheolaíochtaí réamhdhéanta a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo, tá feidhm ag modh eachtarshuite aonair, meastachán cóimheas, maidir le SRS dá dtagraítear in Airteagal 5 (1), pointe (b), agus maidir le roghnú dóchúlachta comhionainne dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b), chun críche an tsimplithe agus na deimhneachta dlíthiúla. Ní chuireann sé sin teorainn le cur i bhfeidhm modhanna eachtarshuite eile ag na húdaráis iniúchóireachta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne): I gcás ina n-úsáidtear sraith uileghabhálach, is é an earráid réamh-mheasta sa ghrúpa seo suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis an tsraith: $$EE_e = \sum_{i=1}^{n_e} E_i$$ I gcás na sraithe randamaí, is é an earráid réamh-mheasta $$EE_s = BV \times \frac{\sum_{i=1}^{n} E_i}{\sum_{i=1}^{n} BV_i}$$ Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$	Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne): I gcás ina n-úsáidtear sraith uileghabhálach, is é an earráid réamh-mheasta sa ghrúpa seo suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na grúpaí sin: $$EE_e = \sum_{h=1}^{H} \sum_{i=1}^{n_h} E_{hi}$$ I gcás na sraitheanna randamacha, is é an earráid réamh-mheasta $$EE_s = \sum_{h=1}^{H} BV_h \times \frac{\sum_{i=1}^{n_h} E_i}{\sum_{i=1}^{n_h} BV_i}$$ Níl san earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra ach suim an dá chomhpháirt sin thuasluaite: $$EE = EE_e + EE_s$$
Cruinneas samplála: $$SE = N \times z \times \frac{s_q}{\sqrt{n}}$$ i gcás inarb é s_q diallas caighdeánach na hathróige q: $$q_i = E_i - \frac{\sum_{i=1}^{n} E_i}{\sum_{i=1}^{n} BV_i} \times BV_i.$$ Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamh-uileghabhálacha.	Cruinneas samplála: $$SE = N \times z \times \frac{s_{qw}}{\sqrt{n}}$$ i gcás inarb é $$s_{qw}^2 = \sum_{h=1}^{H} \frac{N_h}{N} s_{qh}^2$$ meán ualaithe an tsampla athraitheas den athróg q_h, agus inarb é $$q_{ih} = E_{ih} - \frac{\sum_{i=1}^{n_h} E_{ih}}{\sum_{i=1}^{n_h} BV_{ih}} \times BV_{ih}.$$ Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamh-uileghabhálacha.

2.2. **Sampláil randamach shimplí — dhá thréimhse**

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
An chéad tréimhse $n_{1+2} = \frac{(z \times N_{1+2} \times \sigma_{ew1+2})^2}{(TE - AE)^2}$ i gcás inarb é $\sigma^2_{ew1+2} = \frac{N_1}{N_{1+2}}\sigma^2_{e1} + \frac{N_2}{N_{1+2}}\sigma^2_{e2}$ $N_{1+2} = N_1 + N_2$ $n_t = \frac{N_t}{N_{1+2}} n_{1+2}$	**An chéad tréimhse** $n_{1+2} = \frac{(z \times N_{1+2} \times \sigma_{ew1+2})^2}{(TE - AE)^2}$ i gcás inarb é $\sigma^2_{ew1+2} = \sum_{i=1}^{H_1} \frac{N_{h1}}{N}\sigma^2_{h1} + \sum_{i=1}^{H_2} \frac{N_{h2}}{N}\sigma^2_{h2},$ $N_{1+2} = N_1 + N_2$ $n_{ht} = \frac{N_{ht}}{N_{1+2}} n_{1+2}$
An dara tréimhse $n_2 = \frac{(z \times N_2 \times \sigma_{e2})^2}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \frac{N_1^2}{n_1} \times s^2_{e1}}$	**An dara tréimhse** $n_2 = \frac{z^2 \times N_2 \times \sum_{h=1}^{H_2} (N_{h2} . \sigma^2_{eh2})}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{N_{h1}^2}{n_{h1}} . s^2_{eh1} \right)}$

Nótaí:
I gcás nach féidir neastacháin éagsúla le haghaidh na ndiallas caighdeánach de chuid gach tréimhse a fháil nó nach mbaineann siad le hábhar, féadfar an luach céanna don diallas caighdeánach a chur i bhfeidhm i leith na dtréimhsí go léir. I gcás den sórt sin tá σ_{ew1+2} díreach cothrom le diallais chaighdeánacha earráidí σ_e.
Tagraíonn an paraiméadar σ don diallas caighdeánach a fhaightear ó shonraí cúnta (e.g. sonraí stairiúla) agus tagraíonn s don diallas caighdeánach a fhaightear ón sampla iniúchta. Sna foirmlí, i gcás nach mbíonn s ar fáil, féadfar é a ionadú le σ.
Baintear úsáid as foirmlí faoin gceannteideal "An chéad tréimhse" chun méid an tsampla a ríomh tar éis na chéad tréimhse den bhliain chuntasaíochta i gcás athríomh caighdeánach ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (a). I gcás athríomh uilíoch ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (b), baintear úsáid as na foirmlí sin tar éis na chéad tréimhse samplála agus más gá freisin tar éis an dara tréimhse samplála chun coigeartú a dhéanamh i leith paraiméadair shamplála nuashonraithe.
Ní bhíonn foirmlí faoin gceannteideal "An dara tréimhse" infheidhme ach amháin i gcás athríomh caighdeánach ar mhéid an tsampla dá dtagraítear in Airteagal 5(6), pointe (a). Úsáidtear iad chun méid an tsampla de chuid an dara tréimhse a athríomh chun coigeartú a dhéanamh i leith paraiméadair shamplála. I gcás ina bhfaightear uimhir dhiúltach mar thoradh ar an bhfoirmle, ní féidir an fhoirmle, agus dá bhrí sin an cur chuige caighdeánach i leith méid an tsampla a athríomh, a chur i bhfeidhm bunaithe ar thacar socraithe na bparaiméadar nuashonraithe.

Eachtarshuíomh earráidí

Faoi chuimsiú chur i bhfeidhm na modheolaíochtaí réamhdhéanta a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo, tá feidhm ag modh eachtarshuite aonair, meastachán cóimheas, maidir le SRS dá dtagraítear in Airteagal 5 (1), pointe (b) agus maidir le roghnú dóchúlachta comhionainne dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b), chun críche an tsimplithe agus na deimhneachta dlíthiúla. Ní chuireann sé sin teorainn le cur i bhfeidhm modhanna eachtarshuite eile ag na húdaráis iniúchóireachta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne):
I gcás ina n-úsáidtear sraith uileghabhálach, is é an earráid réamh-mheasta sa ghrúpa seo suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis an tsraith:

$$EE_e = \sum_{i=1}^{n_1} E_{1i} + \sum_{i=1}^{n_2} E_{2i}$$

I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta:

$$EE_s = BV_1 \times \frac{\sum_{i=1}^{n_1} E_{1i}}{\sum_{i=1}^{n_1} BV_{1i}} + BV_2 \times \frac{\sum_{i=1}^{n_2} E_{2i}}{\sum_{i=1}^{n_2} BV_{2i}}$$

Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite.

Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne):
I gcás ina n-úsáidtear sraith uileghabhálach, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis an tsraith:

$$EE_e = \sum_{h=1}^{H_1} \sum_{i=1}^{n_{h1}} E_{h1i} + \sum_{h=1}^{H_2} \sum_{i=1}^{n_{h2}} E_{h2i}$$

I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta:

$$EE_s = \sum_{h=1}^{H_1} BV_{h1} \times \frac{\sum_{i=1}^{n_{h1}} E_i}{\sum_{i=1}^{n_{h1}} BV_i} + \sum_{h=1}^{H_2} BV_{h2} \times \frac{\sum_{i=1}^{n_{h2}} E_i}{\sum_{i=1}^{n_{h2}} BV_i} 1$$

Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite.

Cruinneas samplála:

$$SE = z \times \sqrt{\left(N_1^2 \times \frac{s_{q1}^2}{n_1} + N_2^2 \times \frac{s_{q2}^2}{n_2} \right)}$$

$$q_{ti} = E_{ti} - \frac{\sum_{i=1}^{n_t} E_{ti}}{\sum_{i=1}^{n_t} BV_{ti}} \times BV_{ti}$$

Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamh-uileghabhálacha.

Cruinneas samplála:

$$SE = z \times \sqrt{\sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{N_{h1}^2}{n_{h1}} . s_{qh1}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{N_{h2}^2}{n_{h2}} . s_{qh2}^2 \right)}$$

$$q_{iht} = E_{iht} - \frac{\sum_{i=1}^{n_{ht}} E_{ih}}{\sum_{i=1}^{n_{ht}} BV_{ih}} \times BV_{iht}.$$

Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamh-uileghabhálacha.

2.3. **Sampláil randamach shimplí — tréimhse amháin** ([2])

NEAMHSHRATHAITHE	SRATHAITHE
Méid an tsampla a ríomh	
An chéad tréimhse $$n_{1+2+3} = \frac{\left(z \times N_{1+2+3} \times \sigma_{ew1+2+3}\right)^2}{\left(TE - AE\right)^2}$$ i gcás inarb é $$\sigma^2_{ew1+2+3} = \frac{N_1}{N_{1+2+3}}\sigma^2_{e1} + \frac{N_2}{N_{1+2+3}}\sigma^2_{e2} + \frac{N_3}{N_{1+2+3}}\sigma^2_{e3}$$ $$N_{1+2+3} = N_1 + N_2 + N_3$$ $$n_t = \frac{N_t}{N_{1+2+3}} n_{1+2+3}$$	**An chéad tréimhse** $$n_{1+2+3} = \frac{\left(z \times N_{1+2+3} \times \sigma_{ew1+2+3}\right)^2}{\left(TE - AE\right)^2}$$ i gcás inarb é $$\sigma^2_{ew1+2+3} = \sum_{i=1}^{H_1} \frac{N_{h1}}{N}\sigma^2_{h1} + \sum_{i=1}^{H_2} \frac{N_{h2}}{N}\sigma^2_{h2} + \sum_{i=1}^{H_3} \frac{N_{h3}}{N}\sigma^2_{h3}$$ $$N_{1+2+3} = N_1 + N_2 + N_3$$ $$n_{ht} = \frac{N_{ht}}{N_{1+2+3}} n_{1+2+3}$$
An dara tréimhse $$n_{2+3} = \frac{\left(z \times N_{2+3} \times \sigma_{ew2+3}\right)^2}{\left(TE - AE\right)^2 - z^2 \times \frac{N_1^2}{n_1} \times s^2_{e1}}$$ i gcás inarb é $$\sigma^2_{ew2+3} = \frac{N_2}{N_{2+3}}\sigma^2_{e2} + \frac{N_3}{N_{2+3}}\sigma^2_{e3}$$ $$N_{2+3} = N_2 + N_3$$ $$n_t = \frac{N_t}{N_{2+3}} n_{2+3}$$	**An dara tréimhse** $$n_{2+3} = \frac{z^2 \times N_{2+3} \times \sigma_{ew2+3}}{\left(TE - AE\right)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1}\left(\frac{N_{h1}^2}{n_{h1}} . s^2_{eh1}\right)}$$ $$\sigma^2_{ew2+3} = \sum_{h=1}^{H_2}\left(N_{h2} . \sigma^2_{eh2}\right) + \sum_{h=1}^{H_3}\left(N_{h3} . \sigma^2_{eh3}\right)$$

([2]) Féadfar Sampláil Randamach Shimplí a chur i bhfeidhm maidir le níos mó ná trí thréimhse samplála trí choigeartuithe ábhartha a dhéanamh ar na foirmlí.

An tríú tréimhse	**An tríú tréimhse**
$$n_3 = \frac{(z \times N_3 \times \sigma_{e3})^2}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \frac{N_1^2}{n_1} \times s_{e1}^2 - z^2 \times \frac{N_2^2}{n_2} \times s_{e2}^2}$$	$$n_3 = \frac{z^2 \times N_3 \times \sigma_{ew3}}{(TE - AE)^2 - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{N_{h1}^2}{n_{h1}} . s_{eh1}^2 \right) - z^2 \times \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{N_{h2}^2}{n_{h2}} . s_{eh2}^2 \right)}$$ $$\sigma_{ew3} = \sum_{h=1}^{H_3} (N_{h3} . \sigma_{eh3}^2)$$

Nótaí:
I gcás nach féidir neastacháin éagsúla le haghaidh na ndiallas caighdeánach de chuid gach tréimhse a fháil nó nach mbaineann siad le hábhar, féadfar an luach céanna don diallas caighdeánach a chur i bhfeidhm i leith na dtréimhsí go léir. I gcás den sórt sin tá $\sigma_{ew1+2+3}$ díreach cothrom le diallais chaighdeánacha earráidí σ_e.
Tagraíonn an paraiméadar σ don diallas caighdeánach a fhaightear ó shonraí cúnta (e.g. sonraí stairiúla) agus tagraíonn s don diallas caighdeánach a fhaightear ón sampla iniúchta. Sna foirmlí, i gcás nach mbíonn s ar fáil, féadfar é a ionadú le σ.
Féach na nótaí thuas freisin maidir le sampláil randamach shimplí dhá thréimhse a mhéid a bhaineann le húsáid a bhaint as an gcur chuige caighdeánach i leith méid an tsampla a athríomh agus maidir leis an gcur chuige uilíoch dá dtagraítear in Airteagal 5(6).

Eachtarshuíomh earráidí

Faoi chuimsiú chur i bhfeidhm na modheolaíochtaí réamhdhéanta a leagtar síos sa Rialachán seo, tá feidhm ag modh eachtarshuite aonair, meastachán cóimheas, maidir le SRS dá dtagraítear in Airteagal 5 (1), pointe (b), agus maidir le roghnú dóchúlachta comhionainne dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b), chun críche an tsimplithe agus na deimhneachta dlíthiúla. Ní chuireann sé sin teorainn le cur i bhfeidhm modhanna eachtarshuite eile ag na húdaráis iniúchóireachta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna:	Earráid réamh-mheasta/eachtarshuite (SRS/roghnú dóchúlachta comhionainne): I gcás na sraitheanna uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta suim na n-earráidí a fhaightear sna haonaid a bhaineann leis na sraitheanna:
$$EE_e = \sum_{i=1}^{n_1} E_{1i} + \sum_{i=1}^{n_2} E_{2i} + \sum_{i=1}^{n_3} E_{3i}$$	$$EE_e = \sum_{h=1}^{H_1} \sum_{i=1}^{n_{h1}} E_{h1i} + \sum_{h=1}^{H_2} \sum_{i=1}^{n_{h2}} E_{h2i} + \sum_{h=1}^{H_2} \sum_{i=1}^{n_{h3}} E_{h3i}$$
I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta:	I gcás na sraitheanna neamh-uileghabhálacha, is é an earráid réamh-mheasta:
$$EE_s = BV_1 \times \frac{\sum_{i=1}^{n_1} E_{1i}}{\sum_{i=1}^{n_1} BV_{1i}} + BV_2 \times \frac{\sum_{i=1}^{n_2} E_{2i}}{\sum_{i=1}^{n_2} BV_{2i}} + BV_3 \times \frac{\sum_{i=1}^{n_3} E_{3i}}{\sum_{i=1}^{n_3} BV_{3i}}$$	$$EE_s = \sum_{h=1}^{H_1} BV_{h1} \times \frac{\sum_{i=1}^{n_{h1}} E_i}{\sum_{i=1}^{n_{h1}} BV_i} + \sum_{h=1}^{H_2} BV_{h2} \times \frac{\sum_{i=1}^{n_{h2}} E_i}{\sum_{i=1}^{n_{h2}} BV_i} + \sum_{h=1}^{H_3} N_{h3} \times \frac{\sum_{i=1}^{n_{h3}} E_i}{n_{h3}}$$
Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite.	Is é an earráid réamh-mheasta ar leibhéal an daonra suim an dá chomhpháirt thuasluaite.

Cruinneas samplála:

$$SE = z \times \sqrt{\left(N_1^2 \times \frac{s_{q1}^2}{n_1} + N_2^2 \times \frac{s_{q2}^2}{n_2} + N_3^2 \times \frac{s_{q3}^2}{n_3} \right)}$$

$$q_{ti} = E_{ti} - \frac{\sum_{i=1}^{n_t} E_{ti}}{\sum_{i=1}^{n_t} BV_{ti}} \times BV_{ti}$$

Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamhuileghabhálacha.

Cruinneas samplála:

$$SE = z \times \sqrt{\sum_{h=1}^{H_1} \left(\frac{N_{h1}^2}{n_{h1}} . s_{qh1}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_2} \left(\frac{N_{h2}^2}{n_{h2}} . s_{qh2}^2 \right) + \sum_{h=1}^{H_3} \left(\frac{N_{h3}^2}{n_{h3}} . s_{qh3}^2 \right)}$$

$$q_{iht} = E_{iht} - \frac{\sum_{i=1}^{n_{ht}} E_{ih}}{\sum_{i=1}^{n_{ht}} BV_{ih}} \times BV_{iht}.$$

Déantar cruinneas a ríomh go heisiach le sonraí a bhaineann leis na sraitheanna neamhuileghabhálacha.

IARSCRÍBHINN III

COIGEARTUITHE A BHAINEANN LE SOCRUITHE INIÚCHÓIREACHTA AONAIR

Áirítear i dTáblaí 1 agus 2 seo a leanas faisnéis maidir leis na cuir chuige i leith roghnú sampla, eachtarshuíomh earráidí agus ríomh cruinnis faoi phrionsabail na socruithe iniúchóireachta aonair, go háirithe i gcás nach féidir iniúchadh a dhéanamh ar na hoibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 80(3) de Rialachán (AE) 2021/1060. I gcás modhanna samplála neamhstaidrimh, féadfar an cur chuige a leagtar amach sna táblaí sin a úsáid chun an t-eachtarshuíomh earráidí a chinneadh agus úsáid á baint as DCM agus roghnú dóchúlachta comhionainne.

Tá feidhm freisin ag cuir chuige den sórt sin i gcás nach mbíonn doiciméadacht tacaíochta na n-oibríochtaí samplála ar fáil.

Tábla 1

Cur chuige caighdeánach SAA/roghnú DCM

Dearadh samplála	SAA caighdeánach/DCM: Aonaid samplála a eisiamh	SAA caighdeánach/DCM: Aonaid samplála a ionadú
An daonra a úsáidtear chun an sampla a roghnú	Daonra laghdaithe (coigeartaithe) (i.e. an daonra gan oibríochtaí/aonaid samplála eile dá ndéanann Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060 difear a chur san áireamh)	Daonra bunaidh ([1])
Paraiméadair a úsáidtear chun méid an tsampla a ríomh	Comhfhreagraíonn don daonra bunaidh	
Cur chuige a mholtar i leith réamh-mheas/ eachtarshuíomh earráidí agus ríomh cruinnis	Déantar réamh-mheas earráidí agus ríomh cruinnis le linn na chéad chéime le haghaidh an daonra laghdaithe. Sa chéad chéim eile déantar é a choigeartú chun an daonra bunaidh a léiriú. Féadfar coigeartú den sórt sin a dhéanamh tríd an réamh-mheas earráidí agus an cruinneas a iolrú faoi gcóimheas idir caiteachas $BV_{(h)\ original}$ an daonra bunaidh agus caiteachas $BV_{(h)\ reduced}$ an daonra laghdaithe. I gcás aonaid sraitheanna ardluacha dá ndéanann Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060 difear (nó aon sraith uileghabhálach eile), d'fhéadfadh gá a bheith leis an earráid a ríomh don tsraith ardluacha agus leis an earráid sin a úsáid mar réamh-mheas i leith na n-aonad nár iniúchadh sa tsraith seo ag úsáid na foirmle $EE_e = EE_{e\ reduced} \times \frac{BV_{eoriginal}}{BV_{e\ reduced}}$ (i gcás ina seasann $EE_{e\ reduced}$ don mhéid earráidí in aonaid samplála na sraithe ardluacha a iniúchadh, ina dtagraíonn $BV_{eoriginal}$ don luach de réir na leabhar den tsraith ardluacha bhunaidh agus ina dtagraíonn $BV_{e\ reduced}$ don luach de réir na leabhar de na haonaid sa tsraith ardluacha a cuireadh faoi réir iniúchadh.)	Déantar réamh-mheas earráidí agus ríomh cruinnis le haghaidh an daonra bunaidh. Maidir le haonaid na sraithe ardluacha (nó aonaid de chuid aon sraith uileghabhálach eile) a eisiatar ó na nósanna imeachta iniúchóireachta mar gheall ar fhorálacha Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060, ba cheart iad a ionadú le haonaid samplála na sraithe luacha ísil. I gcás den sórt sin d'fhéadfadh gá a bheith leis an earráid a ríomh don tsraith ardluacha agus leis an earráid sin a úsáid mar réamh-mheas i leith na n-aonad nár iniúchadh sa tsraith seo ag úsáid na foirmle $EE_e = EE_{e\ reduced} \times \frac{BV_{eoriginal}}{BV_{e\ reduced}}$ (i gcás ina seasann $EE_{e\ reduced}$ don mhéid earráidí in aonaid samplála na sraithe ardluacha a iniúchadh, ina dtagraíonn $BV_{eoriginal}$ don luach de réir na leabhar den tsraith ardluacha bhunaidh agus ina dtagraíonn $BV_{e\ reduced}$ don luach de réir na leabhar de na haonaid sa tsraith ardluacha a cuireadh faoi réir iniúchadh).

([1]) I gcás ina n-áirítear sa sampla roghnaithe aon aonad samplála nach mór a ionadú, roghnaítear na haonaid ionaid ón daonra gan na haonaid samplála ón sampla bunaidh a chur san áireamh.

Tábla 2

Sampláil Randamach Shimplí/roghnú dóchúlachta comhionainne (meastachán cóimheas)

Dearadh samplála	Sampláil Randamach Shimplí/roghnú dóchúlachta comhionainne: Aonaid samplála a eisiamh	Sampláil Randamach Shimplí/roghnú dóchúlachta comhionainne: Aonaid samplála a ionadú
An daonra a úsáidtear chun an sampla a roghnú	Daonra laghdaithe (coigeartaithe) (i.e. an daonra gan oibríochtaí/aonaid samplála eile dá ndéanann Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060 difear a chur san áireamh)	Daonra bunaidh ([1])
Paraiméadair a úsáidtear chun méid an tsampla a ríomh	Comhfhreagraíonn don daonra bunaidh	
Cur chuige a mholtar i leith réamh-mheas/ eachtarshuíomh earráidí agus ríomh cruinnis	Déantar réamh-mheas earráidí agus ríomh cruinnis le haghaidh an daonra laghdaithe. Sa chéad chéim eile déantar é a choigeartú chun an daonra bunaidh a léiriú bunaithe ar na cuir chuige seo a leanas: Féadfar an coigeartú a dhéanamh tríd an réamh-mheas earráidí agus an cruinneas a iolrú faoi gcóimheas idir caiteachas $BV_{(h)\ original}$ an daonra bunaidh agus caiteachas $BV_{(h)\ reduced}$ an daonra laghdaithe. Is féidir réamh-mheas earráidí a dhéanamh go díreach le haghaidh an daonra bunaidh. Níor cheart cruinneas a ríomh go díreach le haghaidh an daonra bunaidh. Ba cheart an cruinneas a ríomhadh le haghaidh an daonra laghdaithe a choigeartú le haghaidh an daonra bunaidh trí chruinneas an daonra laghdaithe a iolrú faoin gcóimheas $\frac{BV_{(h)\ original\ population}}{BV_{(h)\ reduced\ population}}$. I gcás aonaid sraitheanna ardluacha (nó aon sraith uileghabhálach eile) atá faoi réir Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060, d'fhéadfadh gá a bheith le hearráid a ríomh don tsraith ardluacha agus leis an earráid sin a úsáid mar réamh-mheas i leith na n-aonad nár iniúchadh sa tsraith seo. Dhéanfaí é ag úsáid na foirmle $EE_e = EE_{e\ reduced} \times \frac{BV_{eoriginal}}{BV_{e\ reduced}}$ i gcás ina seasann $EE_{e\ reduced}$ don mhéid earráidí in aonaid samplála na sraithe ardluacha a iniúchadh, ina dtagraíonn $BV_{eoriginal}$ don luach de réir na leabhar den tsraith ardluacha bhunaidh agus ina dtagraíonn $BV_{e\ reduced}$ don luach de réir na leabhar de na haonaid sa tsraith ardluacha a cuireadh faoi réir iniúchadh.	Déantar réamh-mheas earráidí le haghaidh an daonra bunaidh. Ní mór cruinneas a ríomh don daonra laghdaithe (daonra as ar baineadh na haonaid samplála go léir atá faoi réir Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060). Ina dhiaidh sin, sa chéad chéim eile ba cheart é a choigeartú chun an daonra bunaidh a léiriú. Féadfar é sin a dhéanamh trí chruinneas an daonra laghdaithe a iolrú faoi gcóimheas idir caiteachas $BV_{(h)\ original}$ an daonra bunaidh agus caiteachas $BV_{(h)\ reduced}$ an daonra laghdaithe. Go fiú i gcás nár roghnaigh an t-údarás iniúchóireachta ina shampla aonaid samplála dá ndéanann Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060 difear, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór an cruinneas a ríomh freisin i leith an daonra laghdaithe agus nach mór é a choigeartú ina dhiaidh sin agus úsáid á baint as an bhfoirmle thuasluaite. I gcás aonaid sraitheanna ardluacha (nó aon sraith uileghabhálach eile) atá faoi réir Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/1060, d'fhéadfadh gá a bheith le hearráid a ríomh don tsraith ardluacha agus leis an earráid sin a úsáid mar réamh-mheas i leith na n-aonad nár iniúchadh sa tsraith seo. Dhéanfaí é ag úsáid na foirmle $EE_e = EE_{e\ reduced} \times \frac{BV_{eoriginal}}{BV_{e\ reduced}}$ i gcás ina seasann $EE_{e\ reduced}$ don mhéid earráidí in aonaid samplála na sraithe ardluacha a iniúchadh, ina dtagraíonn $BV_{eoriginal}$ don luach de réir na leabhar den tsraith ardluacha bhunaidh agus ina dtagraíonn $BV_{e\ reduced}$ don luach de réir na leabhar de na haonaid sa tsraith ardluacha a cuireadh faoi réir iniúchadh.

([1]) I gcás ina n-áirítear sa sampla roghnaithe aon aonad samplála nach mór a ionadú, roghnaítear na haonaid ionaid ón daonra gan na haonaid samplála ón sampla bunaidh a chur san áireamh.